

DONNCHADH MÓR AGUS A BHEAN.

Bhí dreatháir ag Donnchadh mór. Macán a bhí air, droch dhuine a bhí ann ach bhí sé saidhbhir agus bhí sé anuas ar Dhonnchadh. Bhí Donnchadh bocht, ní raibh aige ach caora dhubh. Bhí duine aca beannuighthe agus duine aca malluighthe. Chuir sé cuireadh chun dinnéir amach in ainm Dhonnchadh ag iarraidh Donnchadh a náiriú mar gheall ar nach raibh ag Donnchadh ach an chaora dhubh. An lá céadhna tháinig an neach aige, agus tháinig an bád fada íslighthe luchtuighthe le chuile sórt a d'fhéadfaidhe leagan ag rí nó prionsa le chuile nídh dá fheabhas. D'fhosgail an talamh chomh fada le teach Dhonnchadha agus tháinig an bád fada aníos ann. Tá portach Dhonnchadha ar an áit ó shoin in aice le Béal a Chluga. Tháinig na daoine uaisle agus bhí chuile shórt leagtha anuas ar bord aca agus bhí an chaora dhubh leagtha anuas aca bruighthe. Bhí an filithe istigh aca. Nuair a bhí an féasta ithte aca dubhairt sé:

Is mairg nach gceangluigheann a chiall
is nach gcuireann srian le na ghuth
is anois ó tháinig an fial
nach maith an biadh an chaora dhubh.

Labhair an neach le Donnchadh:
"ránn in do dhán a Dhonnchadh."

"Cén áit innte?" adeir Donnchadh
ó an té a mbeidh an dán aige
béidh an ránn aige
agus an té a mbeidh an ránn aige
beidh an duan aige. (duan na bhflaitheas)

"Tá aithchuinge ar bith le fagháil anois agat," adeir an neach le Donnchadh. "Céard tá tú a iarraidh?" "Tá mé ag iarraidh naoi naonbhar de mo ghaolta a bheith istigh ins ns flaithis inéindigh liom."

"A Dhonnchadh mhóir an chroidhe bhig bhí sé chomh maith dhuit an saoghal láimhe a iarraidh leis an meid sin. Bhí sé le fagháil agat."

104

Nuair a thiocfadh duine ag iarraidh rud uirthe déarfadh sé: "nár fheicidh mo shúil Dia má tá sé agam, agus bhíodh an mionna sin mar leath-fhocal aice.

Nuair a cailleadh Donnchadh mór chuaidh sé go na flaithis agus chuile dhuine a bhí ceaptha dhó, a bhí iarrtha aige, nuair a cailleadh iad. Ní raibh a bhean ina ghaol aige, níor éirigh leithe dhul isteach, in éinfeacht leis an muinntir eile. Nuair a bhí sé ag dorus na bhflaitheas ní leigfeadh Mac Dé isteach í mar gheall ar na mionnaí a bhí aice.

Sin é an uair a rinne bean Dhonnchadha an dán.

Is doiligh liom an pháis úd thíos
Nochar Mic na hÓige míne
Faoi chlampar ag damnú daoine
Chuir siad crios éadach lín air
's brat róna le n-a thaobh sin
Sleagh ghéar faoi mhórán faobhair
Do chuid feola ina spólaí chaola
Gruaig do chinn dá tarraingt ina dlaotha
Is fuil do thaobh ag tigheacht i tíosgar.

Nach áiféalt díobh de dhaoine mheara
Nach dtug a sompla sin dá n-aice
A slánuigheadóir is é ina mharbh
'S é le colbha cloch ina sheasamh.
Do chrois mar ar do ghuaillí geala
Do do choróin spíona os cionn do bhathais
Lán de thairngí agus iad sgaipthe.
Casúr dá mbualadh is dá marbhú
Is mo thruaigh ghéar, bheadh beart acab.
Ní i do luighe a bhí tú ar do leabadh.
I gclumhach na n-éan ná in éadaigh soithte
Grádh cléibh srathruigheadh sa dath sin
Céad glóire leat féin d'éirigh tú ortabh
Hosgluigheadh dorus na bhflaitheas duit
Thug tú na mór-shluaigh amach leat.
Lucht na sé n-aimsir nó seacht leat
Creach a dhéanamh nach ndéantar a'aithris
Is an tsaoire a ghníos muide nár gcroidhthe faillighe

faoisdin a dhéanamh is an fuighleach gan aithris
Ní rinne mé ariamh an tseirbhís ceart duit
Mara ndeanann bréaga nó bradghail
Nó dhul a séanadh mo bhaiste
Nó tréigsint céile mo leaptha
Nó a briseadh caraos na n-iachall fada
Sé Dia a ghníonns déasacha don gheamhair
Sé a bheir an t-iasg in ionad t'aire

Sé a bhean soillse i ngrian is i ngeala,
An t-éan san uibh is a thabhairt aiste
Sé a sgaranns gach bean le na leanbh
An t-uan an laogh agus an searrach
Tá fear cúmhach agam i bhflaithis
Tighearna tréan na mbriathra blasta
Is baintighearna na gcloch geala
Mar sí féin a sgaoil is a cheangail
Agus a siubhail leis na fianta fada
Is cuimhnigh m'anam ar do thaisge
Agus is olc mé i náire do mhaslaidh
(bheadh sí ceart an uair sin, ach dubhairt sí)
agus cuimhnigh gur mé Eilís Uí Bhaltair.

Nuair a chuir sí í féin i gcuimhne do Mhac Dé (san líne deirigh) ní leigfeadh sé isteach í. Bhí Donnchadh taobh istigh ag an ngeata. "Mo leath istigh agus mo leath amuich," ar Donnchadh "agus leigim chugat é a Mhic dé. Gur furasta duine a chur amach nach mbíonn teach aige dhó féin.

"Is fíor dhuit a Dhonnchadh" arsa Mac Dé. "Tiocfaidh sí isteach anois," adeir sé, "ach deanfa mise dall di ní feicfidh sí aon amharc orm choidhchin."

Dia Domhnaigh 14/10/1934.

I gCárna.

Bhí Micil ag Aifreann a bhí san gClochar indiu. Tar éis an Aifrinn tháinig sé anois go dtí teach Shéamus Uí Mhóngáin le sgéalta a innseacht do Pheadar ó Flaithearta a bhíos ag sgríobh uaidh. Chaith sé an lá go dtí an sé a chlog trathnóna i dtigh Shéamus agus tháinig sé annsin go dtí an teach aoidheachta chugam-sa. Bhíos tar éis trí uair a chluig a chaitheamh ag foghléireacht ar chnoc Chaladhíodhiunse agus bhí tuirse mo sháith orm, mar sin féin níor fhéad mé a leigean uaim gan beagán a sgríobh uaidh. Fuair sé an seanphinsiún indé. Tharraing sé punt agus is mór an misneach dó an leabhar a bheith aige.